RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) 2023/1128 ÓN gCOIMISIÚN

an 24 Márta 2023

lena leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/2446 chun foráil a dhéanamh maidir le foirmiúlachtaí custaim simplithe le haghaidh trádálaithe iontaofa agus chun beartáin a sheoladh isteach i dTuaisceart Éireann ó chuid eile den Ríocht Aontaithe

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Deireadh Fómhair 2013 lena leagtar síos Cód Custaim an Aontais ([1]), agus go háirithe Airteagal 7(a), Airteagal 131(a), Airteagal 160 agus Airteagal 183 de.

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Tugadh an Comhaontú maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach ("an Comhaontú um Tharraingt Siar") i gcrích thar ceann an Aontais le Cinneadh (AE) 2020/135 ón gComhairle ([2]) agus tháinig sé i bhfeidhm an 1 Feabhra 2020. An idirthréimhse dá dtagraítear in Airteagal 126 den Chomhaontú um Tharraingt Siar, ar lena linn a lean dlí an Aontais d'fheidhm a bheith aige maidir leis an Ríocht Aontaithe agus sa Ríocht Aontaithe i gcomhréir le hAirteagal 127 den Chomhaontú um Tharraingt Siar (an "idirthréimhse"), tháinig deireadh leis an 31 Nollaig 2020.

(2) Is cuid dhílis den Chomhaontú sin an Prótacal maidir le hÉirinn/Tuaisceart Éireann (an "Prótacal").

(3) De réir Airteagal 6(3) den Chomhaontú um Tharraingt Siar agus Airteagal 5(3) agus (4) den Phrótacal, tá feidhm ag an reachtaíocht custaim mar a shainmhínítear i bpointe (2) d'Airteagal 5 de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 agus ag gníomhartha an Aontais lena bhforlíontar nó lena gcuirtear chun feidhme í maidir leis an Ríocht Aontaithe agus sa Ríocht Aontaithe i ndáil le Tuaisceart Éireann tar éis dheireadh na hidirthréimhse.

(4) Dá thoradh sin, i gcomhréir le Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/2446 ón gCoimisiún ([3]), ní mór earraí a thugtar go Tuaisceart Éireann ó chuid eile den Ríocht Aontaithe a chumhdach le dearbhú custaim lena ngabhann an tacar sonraí a leagtar amach le haghaidh earraí arna scaoileadh chun saorchúrsaíochta i gcolún H1 d'Iarscríbhinn B a ghabhann leis an Rialachán seo, lena n-áirítear níos mó ná 80 eilimint sonraí.

(5) Chun imthosca sonracha Thuaisceart Éireann a chur san áireamh, ba cheart foirmiúlachtaí custaim a éascú le haghaidh na n-oibreoirí eacnamaíocha ("trádálaithe iontaofa") atá údaraithe faoi Airteagail 9 go 11 de Chinneadh Uimh. 1/2023 ón gComhchoiste arna bhunú leis an gComhaontú maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach ([4]) ("Cinneadh Uimh. 1/2023") chun earraí iompair dhírigh a thabhairt isteach i dTuaisceart Éireann as cuid eile den Ríocht Aontaithe, ar earraí iad a mheastar nach bhfuil an baol ann go n-aistreofar isteach san Aontas iad leo féin nó go mbeidh siad ina gcuid d'earra eile de réir bhrí Airteagal 5(1) agus (2) den Phrótacal ("earraí nach bhfuil i mbaol"). Chuige sin, ba cheart tacar sonraí forlaghdaithe (H8) a tharraingt suas lena scaoileadh i saorchúrsaíocht.

([1]) IO L 269, 10.10.2013, lch. 1.

([2]) Cinneadh (AE) 2020/135 ón gComhairle an 30 Eanáir 2020 maidir le tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach (Téacs atá ábhartha maidir le LEE) (IO L 29, 31.1.2020, lch. 1).

([3]) [3] Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/2446 ón gCoimisiún an 28 Iúil 2015 lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le rialacha mionsonraithe maidir le forálacha áirithe de Chód Custaim an Aontais (IO L 343, 29.12.2015, lch. 1).

([4]) Cinneadh Uimh. 1/2023 ón gComhchoiste a bunaíodh leis an gComhaontú maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach an 24. ožujka 2023. lena leagtar síos socruithe a bhaineann le Creat Windsor [2023/819], IO L 102, 17.4.2023, lch. 61.

(6) Is gá na coinníollacha a bhunú chun go mbeidh trádálaithe iontaofa in ann tairbhiú den simpliú custaim atá san iontráil i dtaifid an dearbhóra agus earraí nach bhfuil i mbaol a thabhairt isteach i dTuaisceart Éireann ó chuid eile den Ríocht Aontaithe trí iompar díreach fiú i gcás nach gcomhlíonann na trádálaithe iontaofa na critéir uile a leagtar síos in Airteagal 39 de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013.

(7) Gluaiseacht earraí nach bhfuil i mbaol agus ar de chineál neamhthráchtála iad a sheolann duine príobháideach ó chuid eile den Ríocht Aontaithe i mbeartáin chuig duine príobháideach atá ina chónaí i dTuaisceart Éireann trí iompar díreach, nó gluaiseacht earraí nach bhfuil i mbaol a sheolann oibreoir eacnamaíoch atá bunaithe sa Ríocht Aontaithe i mbeartáin chuig duine príobháideach atá ina chónaí i dTuaisceart Éireann trí iompar díreach ag iompróir atá cláraithe i gcomhréir le hAirteagail 12 agus 13 de Chinneadh Uimh. 1/2023 ("iompróir údaraithe"), chun na gluaiseachtaí sin a éascú, is iomchuí foirmiúlachtaí custaim áirithe le haghaidh na n-earraí sin a tharscaoileadh.

(8) Gluaiseacht earraí a sheolann duine príobháideach ó chuid eile den Ríocht Aontaithe i mbeartáin trí iompróir údaraithe agus a chuirtear ar ais i gcomhréir le hAirteagal 203 den Chód chuig oibreoir eacnamaíoch atá bunaithe i dTuaisceart Éireann, chun an ghluaiseacht sin a éascú freisin, is iomchuí foirmiúlachtaí custaim áirithe le haghaidh na n-earraí sin a tharscaoileadh toisc go dtugtar ar ais go Tuaisceart Éireann iad gan aon athrú a bheith déanta orthu.

(9) Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/2446 a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/2446 mar a leanas:

(1) in Airteagal 1, cuirtear na pointí (55) agus (56) seo a leanas leis:

"(55) ciallaíonn 'trádálaí iontaofa' oibreoir eacnamaíoch atá údaraithe i gcomhréir le hAirteagail 9 go 11 de Chinneadh Uimh. 1/2023 (*) ón gComhchoiste a bunaíodh leis an gComhaontú maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach (**) ('Cinneadh Uimh. 1/2023');

(56) ciallaíonn 'iompróir údaraithe' oibreoir eacnamaíoch a aistríonn beartáin, lena n-áirítear oibreoir poist ainmnithe na Ríochta Aontaithe, atá údaraithe i gcomhréir le hAirteagal 12 de Chinneadh Uimh. 1/2023 chun earraí i mbeartáin a thabhairt isteach i dTuaisceart Éireann ó chuid eile den Ríocht Aontaithe trí iompar díreach.

(*) Cinneadh Uimh. 1/2023 ón gComhchoiste a bunaíodh leis an gComhaontú maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach an 24. ožujka 2023. lena leagtar síos socruithe a bhaineann le Creat Windsor [2023/819], IO L 102, 17.4.2023, lch. 61.

(**) IO L 29, 31.1.2020, lch. 7.";

(2) in Airteagal 104(1), cuirtear na pointí (r), (s) agus (t) seo a leanas leis:

"(r) earraí de chineál neamhthráchtála, seachas 'earraí chatagóir 1' mar a shainmhínítear in Iarscríbhinn IV a ghabhann le Cinneadh Uimh. 1/2023, a sheoltar i mbeartán mar a shainmhínítear in Airteagal 7(3)(a) den Chinneadh sin chuig Tuaisceart Éireann ó chuid eile den Ríocht Aontaithe trí iompar díreach ag duine príobháideach chuig duine príobháideach eile a bhfuil cónaí air i dTuaisceart Éireann.

Cur i bhfeidhm an phointe seo, cuirfear ar fionraí é má scoireann agus fad a scoirfidh Airteagail 7(1)(a)(ii), 7(1)(a)(iii), 7(1)(b)(ii) agus Airteagail 9 go 14 de Chinneadh Uimh. 1/2023 d'fheidhm a bheith acu.

Foilseoidh an Coimisiún Fógra san Iris Oifigiúil ina léireofar an dáta óna gcuirfear cur i bhfeidhm na bhforálacha dá dtagraítear san fhomhír roimhe seo ar fionraí, chomh maith le Fógra ina sonrófar an dáta ar a dtiocfaidh deireadh leis an bhfionraí sin;

(s) earraí seachas 'earraí chatagóir 1' mar a shainmhínítear in Iarscríbhinn IV a ghabhann le Cinneadh Uimh. 1/2023, a sheolann duine príobháideach, le haghaidh úsáid phearsanta amháin, i mbeartán, mar a shainmhínítear in Airteagal 7(3)(a) den Chinneadh sin chuig Tuaisceart Éireann ó chuid eile den Ríocht Aontaithe trí iompar díreach chuig duine príobháideach eile a bhfuil cónaí air i dTuaisceart Éireann.

Cur i bhfeidhm an phointe seo, cuirfear ar fionraí é má scoireann agus fad a scoirfidh Airteagail 7(1)(a)(ii), 7(1)(a)(iii), 7(1)(b)(ii) agus Airteagail 9 go 14 de Chinneadh Uimh. 1/2023 d'fheidhm a bheith acu.

Foilseoidh an Coimisiún Fógra in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* ina léireofar an dáta óna gcuirfear cur i bhfeidhm na bhforálacha dá dtagraítear san fhomhír roimhe seo ar fionraí, chomh maith le Fógra ina sonrófar an dáta ar a dtiocfaidh deireadh leis an bhfionraí sin;

(t) earraí seachas 'earraí chatagóir 1' mar a shainmhínítear in Iarscríbhinn IV a ghabhann le Cinneadh Uimh. 1/2023, a sheol oibreoir eacnamaíoch atá bunaithe sa Ríocht Aontaithe ó Thuaisceart Éireann roimhe sin chuig duine príobháideach a bhfuil cónaí air i gcuid eile den Ríocht Aontaithe agus a chuirfidh an duine sin ar ais chuig an oibreoir eacnamaíoch sin nó chuig seoladh eile i dTuaisceart Éireann arna léiriú ag an oibreoir eacnamaíoch sin, i gcás ina gcuirtear na hearraí ar ais i gcomhréir le hAirteagal 203 den Chód agus ina seoltar na hearraí i mbeartán mar a shainmhínítear in Airteagal 7(3) den Chinneadh sin chuig Tuaisceart Éireann trí iompar díreach ag iompróir údaraithe.";

(3) in Airteagal 138, cuirtear na pointí (k), (l) agus (m) seo a leanas leis:

"(k) earraí de chineál neamhthráchtála, seachas 'earraí chatagóir 1' mar a shainmhínítear in Iarscríbhinn IV a ghabhann le Cinneadh Uimh. 1/2023, a sheoltar i mbeartán mar a shainmhínítear in Airteagal 7(3)(a) den Chinneadh sin chuig Tuaisceart Éireann ó chuid eile den Ríocht Aontaithe trí iompar díreach ag duine príobháideach chuig duine príobháideach eile a bhfuil cónaí air i dTuaisceart Éireann;

(l) earraí seachas 'earraí chatagóir 1' mar a shainmhínítear in Iarscríbhinn IV a ghabhann le Cinneadh Uimh. 1/2023, a sheolann duine príobháideach, le haghaidh úsáid phearsanta amháin, i mbeartán, mar a shainmhínítear in Airteagal 7(3)(a) den Chinneadh sin chuig Tuaisceart Éireann ó chuid eile den Ríocht Aontaithe trí iompar díreach chuig duine príobháideach eile a bhfuil cónaí air i dTuaisceart Éireann;

(m) earraí seachas 'earraí chatagóir 1' mar a shainmhínítear in Iarscríbhinn IV a ghabhann le Cinneadh Uimh. 1/2023, a sheol oibreoir eacnamaíoch atá bunaithe sa Ríocht Aontaithe ó Thuaisceart Éireann roimhe sin chuig duine príobháideach a bhfuil cónaí air i gcuid eile den Ríocht Aontaithe agus a chuirfidh an duine sin ar ais chuig an oibreoir eacnamaíoch sin nó chuig seoladh eile i dTuaisceart Éireann arna léiriú ag an oibreoir eacnamaíoch sin, i gcás ina gcuirtear na hearraí ar ais i gcomhréir le hAirteagal 203 den Chód agus ina seoltar na hearraí i mbeartán mar a shainmhínítear in Airteagal 7(3) den Chinneadh sin chuig Tuaisceart Éireann trí iompar díreach ag iompróir údaraithe."

(4) Leasaítear mír 1 d'Airteagal 141 mar seo a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na habairte réamhráití:

"1. I ndáil le hearraí dá dtagraítear in Airteagail 138(a) go (d), (h), (k), (l) agus (m), in Airteagal 139 agus in Airteagal 140(1), measfar gur dearbhú custaim nó dearbhú ath-onnmhairiúcháin atá in aon cheann de na gníomhartha seo a leanas:";

(b) i bpointe d), cuirtear na pointí (vi), (vii) agus (viii) seo a leanas leis:

"(vi) i gcás earraí dá dtagraítear in Airteagal 138(k) den Rialachán seo ar choinníoll go gcuirfidh an t-iompróir an fhaisnéis a leagtar síos in Iarscríbhinn 52-02 faoi bhráid na n-údarás custaim an lá tar éis na hearraí a sheachadadh ar a dhéanaí.

Cur i bhfeidhm an phointe seo, cuirfear ar fionraí é má scoireann agus fad a scoirfidh Airteagail 7(1)(a)(ii), 7(1)(a)(iii), 7(1)(b)(ii) agus Airteagail 9 go 14 de Chinneadh Uimh. 1/2023 d'fheidhm a bheith acu.

Foilseoidh an Coimisiún Fógra in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* ina léireofar an dáta óna gcuirfear cur i bhfeidhm na bhforálacha dá dtagraítear san fhomhír roimhe seo ar fionraí, chomh maith le Fógra ina sonrófar an dáta ar a dtiocfaidh deireadh leis an bhfionraí sin;

(vii) i gcás earraí dá dtagraítear in Airteagal 138(l) den Rialachán seo, ar choinníoll go gcuirfidh an t-iompróir údaraithe na sonraí ar leibhéal na míre a leagtar síos in Iarscríbhinn 52-03 faoi bhráid na n-údarás custaim sula seachadtar na hearraí chuig an duine príobháideach. I gcásanna a mbeidh údar cuí leo de bharr phráinn an cháis, féadfaidh údarás custaim na Ríochta Aontaithe a cheadú go ndéanfar cuid den tacar sonraí sin a thíolacadh tar éis an beartán a sheachadadh.

De mhaolú ar fhomhír 1, i gcás inar tugadh an beartán dá dtagraítear san fhomhír sin isteach den chéad uair isteach i gcuid den Ríocht Aontaithe seachas Tuaisceart Éireann sular seoladh é trí iompróir údaraithe chuig duine príobháideach a bhfuil cónaí air i dTuaisceart Éireann, an dearbhú custaim a tíolacadh nuair a tháinig na hearraí isteach sa Ríocht Aontaithe, cuirfidh an t-iompróir údaraithe an dearbhú sin ar fáil don údarás custaim sula dtiocfaidh an beartán isteach i dTuaisceart Éireann.

Cur i bhfeidhm an phointe seo, cuirfear ar fionraí é má scoireann agus fad a scoirfidh Airteagail 7(1)(a)(ii), 7(1)(a)(iii), 7(1)(b)(ii) agus Airteagail 9 go 14 de Chinneadh Uimh. 1/2023 d'fheidhm a bheith acu.

Foilseoidh an Coimisiún Fógra in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* ina léireofar an dáta óna gcuirfear cur i bhfeidhm na bhforálacha dá dtagraítear san fhomhír roimhe seo ar fionraí, chomh maith le Fógra ina sonrófar an dáta ar a dtiocfaidh deireadh leis an bhfionraí sin;

(viii) i gcás earraí dá dtagraítear in Airteagal 138(m) den Rialachán seo ar choinníoll go gcuirfidh an t-iompróir an fhaisnéis a leagtar síos in Iarscríbhinn 52-03 faoi bhráid na n-údarás custaim sula seachadtar na hearraí.

Cur i bhfeidhm an phointe seo, cuirfear ar fionraí é má scoireann agus fad a scoirfidh Airteagail 7(1)(a)(ii), 7(1)(a)(iii), 7(1)(b)(ii) agus Airteagail 9 go 14 de Chinneadh Uimh. 1/2023 d'fheidhm a bheith acu.

Foilseoidh an Coimisiún Fógra in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* ina léireofar an dáta óna gcuirfear cur i bhfeidhm na bhforálacha dá dtagraítear san fhomhír roimhe seo ar fionraí, chomh maith le Fógra ina sonrófar an dáta ar a dtiocfaidh deireadh leis an bhfionraí sin."

(5) in Airteagal 142, cuirtear an pointe (iii) seo a leanas leis faoi phointe (c):

"(iii) earraí dá dtagraítear i bpointí (k), (l) agus (m) d'Airteagal 138 den Rialachán seo;

Cur i bhfeidhm an phointe seo, cuirfear ar fionraí é má scoireann agus fad a scoirfidh Airteagail 7(1)(a)(ii), 7(1)(a)(iii), 7(1)(b)(ii) agus Airteagail 9 go 14 de Chinneadh Uimh. 1/2023 d'fheidhm a bheith acu.

Foilseoidh an Coimisiún Fógra in *Iris Oifigiúil* ina léireofar an dáta óna gcuirfear cur i bhfeidhm na bhforálacha dá dtagraítear san fhomhír roimhe seo ar fionraí, chomh maith le Fógra ina sonrófar an dáta ar a dtiocfaidh deireadh leis an bhfionraí sin."

(6) cuirtear Airteagal 143b leis mar a leanas:

"*Airteagal 143b*

Dearbhú maidir le hearraí a mheastar nach bhfuil baol ann go n-aistreofar isteach san Aontas ina dhiaidh sin iad de réir bhrí Airteagal 5(1) agus (2) den Phrótacal maidir le hÉirinn/Tuaisceart Éireann (*) ('an Prótacal') a scaoileadh i saorchúrsaíocht

(Airteagal 6(2) den Chód)

Féadfaidh trádálaí iontaofa a dhearbhú nach bhfuil earraí nach bhfuil baol ann go n-aistreofar isteach san Aontas iad ina dhiaidh sin de réir bhrí Airteagal 5(1) agus (2) den Phrótacal agus atá le tabhairt isteach i dTuaisceart Éireann ó chuid eile den Ríocht Aontaithe trí iompar díreach lena scaoileadh i saorchúrsaíocht ar bhonn tacar sonraí sonrach a leagtar amach in Iarscríbhinn B, lena n-áirítear nuair a sheoltar na hearraí sin i mbeartáin chuig oibreoir eacnamaíoch eile.

Cur i bhfeidhm na chéad mhíre den Airteagal seo, cuirfear ar fionraí é má scoireann agus fad a scoirfidh Airteagail 7(1)(a)(ii), 7(1)(a)(iii), 7(1)(b)(ii) agus Airteagail 9 go 14 de Chinneadh Uimh. 1/2023 d'fheidhm a bheith acu.

Foilseoidh an Coimisiún Fógra in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* ina léireofar an dáta óna gcuirfear cur i bhfeidhm na bhforálacha dá dtagraítear san fhomhír roimhe seo ar fionraí, chomh maith le Fógra ina sonrófar an dáta ar a dtiocfaidh deireadh leis an bhfionraí sin.

Ní bheidh feidhm ag an Airteagal seo maidir le hearraí dá dtagraítear mar 'earraí chatagóir 1' mar a shainmhínítear in Iarscríbhinn IV a ghabhann le Cinneadh Uimh. 1/2023.

_____

(*) An Prótacal maidir le hÉirinn/Tuaisceart Éireann a ghabhann leis an gComhaontú maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach don Fhuinneamh Adamhach, (IO L 29, 31.1.2020, lch. 7)."

(7) in Airteagal 150, cuirtear mír 1a leis mar a leanas:

"1a. De mhaolú ar mhír 1, deonófar údarú chun dearbhú custaim a thaisceadh i gcomhair scaoileadh i saorchúrsaíocht i bhfoirm iontráil i dtaifid an dearbhóra sna cásanna seo a leanas:

(1) trádálaí iontaofa atá san iarratasóir; agus

(2) tá na hearraí le tabhairt isteach i dTuaisceart Éireann ó chuid eile den Ríocht Aontaithe trí iompar díreach agus meastar nach bhfuil baol ann go n-aistreofar isteach san Aontas iad ina dhiaidh sin de réir bhrí Airteagal 5(1) agus (2) den Phrótacal; agus

(3) áirithíonn an t-iarratasóir go n-ordaítear d'fhostaithe ábhartha fógra a thabhairt do na húdaráis chustaim nuair a aimsítear deacrachtaí comhlíonta agus bunaíonn an t-iarratasóir nósanna imeachta le haghaidh fógra a thabhairt do na húdaráis chustaim faoi dheacrachtaí den sórt sin.

Cur i bhfeidhm na míre seo, cuirfear ar fionraí é má scoireann agus fad a scoirfidh Airteagail 7(1)(a)(ii), 7(1)(a)(iii), 7(1)(b)(ii) agus Airteagail 9 go 14 de Chinneadh Uimh. 1/2023 d'fheidhm a bheith acu.

Foilseoidh an Coimisiún Fógra in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* ina léireofar an dáta óna gcuirfear cur i bhfeidhm na bhforálacha dá dtagraítear san fhomhír roimhe seo ar fionraí, chomh maith le Fógra ina sonrófar an dáta ar a dtiocfaidh deireadh leis an bhfionraí sin.

Ní bheidh feidhm ag an mír seo maidir le hearraí dá dtagraítear mar 'earraí chatagóir 1' mar a shainmhínítear in Iarscríbhinn IV a ghabhann le Cinneadh Uimh. 1/2023."

(8) Leasaítear Iarscríbhinn B mar a leagtar amach in Iarscríbhinn I.

(9) Cuirtear isteach Iarscríbhinn 52-02 nua faoi mar a leagtar amach in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán seo.

(10) Cuirtear isteach Iarscríbhinn 52-03 nua faoi mar a leagtar amach in Iarscríbhinn III a ghabhann leis an Rialachán seo.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón 30 Meán Fómhair 2024, ar choinníoll go ndéanfar an dá dhearbhú dá dtagraítear in Airteagal 23(5) de Chinneadh Uimh. 1/2023 laistigh den Chomhchoiste sin:

I gcás ina ndéanfar an dá dhearbhú dá dtagraítear sa dara mír roimh an 30 Meán Fómhair 2024 nó i gcás nach ndearnadh aon cheann de na dearbhuithe sin faoin dáta sin, beidh feidhm aige ón gcéad lá den mhí tar éis na míosa ina ndearnadh an ceann deireanach de na dearbhuithe sin.

Foilseoidh an Coimisiún Fógra in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* ina dtabharfar an dáta óna mbeidh feidhm ag an Rialachán seo.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 24 Márta 2023.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN I

Leasaítear Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/2446 mar a leanas:

(a) i dTeideal I, Caibidil 2, i Roinn 1, tar éis an ró a bhaineann le colún H7, cuirtear isteach an ró seo a leanas:

"H8	Dearbhú custaim maidir le hearraí a thugann trádálaí iontaofa isteach i dTuaisceart Éireann ó chuid eile den Ríocht Aontaithe trí iompar díreach agus a mheastar nach bhfuil baol ann go n-aistreofar isteach san Aontas ina dhiaidh sin iad de réir bhrí Airteagal 5(1) agus (2) den Phrótacal a scaoileadh i saorchúrsaíocht.	Airteagal 5(12), Airteagal 162 agus Airteagal 201 den Chód"

(b) i dTeideal I, Caibidil 3, Roinn 11, tar éis cholún H7, cuirtear isteach an ró seo a leanas:

Uimh. E.S.	Eilimint sonraí/ainm aicme/Fo-eilimint sonraí/ainm fo-aicme	"H8
11 03 000 000	Uimhir míre earraí	A
		SI
12 01 000 000	An doiciméad roimhe seo	A [72]
		GS SI
12 01 001 000	Uimhir thagartha	A
		GS SI
12 01 002 000	Cineál	A
		GS SI
12 03 000 000	Doiciméad tacaíochta	A
		GS SI
12 03 001 000	Uimhir thagartha	A
		GS SI
12 03 002 000	Cineál	A
		GS SI
12 04 000 000	Tagairt bhreise	A
		GS SI
12 04 001 000	Uimhir thagartha	A
		GS SI

12 04 002 000	Cineál	A
		GS SI
12 05 000 000	Doiciméad iompair	A
		GS SI
12 05 001 000	Uimhir thagartha	A
		GS SI
12 05 002 000	Cineál	A
		GS SI
12 09 000 000	LRN	A
		D
12 12 000 000	Údarú	A
		D
12 12 002 000	Cineál	A
		D
12 12 001 000	Uimhir thagartha	A
		D
12 12 080 000	Sealbhóir an údaraithe	A
		D
13 01 000 000	Onnmhaireoir	A
		GS SI
13 01 016 000	Ainm	A [6]
		GS SI
13 01 017 000	Uimhir aitheantais	A [66]
		GS SI
13 01 018 000	Seoladh	A [6]
		GS SI
13 01 018 019	Sráid agus uimhir	A
		GS SI

13 01 018 020	Tír	A
		GS SI
13 01 018 021	Cód poist	A
		GS SI
13 01 018 022	Cathair	A
		GS SI
13 04 000 000	Allmhaireoir	A
		D
13 04 016 000	Ainm	A [6]
		D
13 04 017 000	Uimhir aitheantais	A [8]
		D
13 04 018 000	Seoladh	A [6]
		D
13 04 018 019	Sráid agus uimhir	A
		D
13 04 018 020	Tír	A
		D
13 04 018 021	Cód poist	A
		D
13 04 018 022	Cathair	A
		D
13 05 000 000	Dearbhóir	A
		D
13 05 016 000	Ainm	A [6]
		D
13 05 017 000	Uimhir aitheantais	A
		D
13 05 018 000	Seoladh	A [6]
		D
13 05 018 019	Sráid agus uimhir	A
		D

13 05 018 020	Tír	A
		D
13 05 018 021	Cód poist	A
		D
13 05 018 022	Cathair	A
		D
13 05 074 000	Teagmhálaí	C
		D
13 05 074 016	Ainm	A
		D
13 05 074 075	Uimhir theileafóin	A
		D
13 05 074 076	Seoladh ríomhphoist	A
		D
13 06 000 000	Ionadaí	A
		D
13 06 017 000	Uimhir aitheantais	A
		D
13 06 030 000	Stádas	A
		D
13 06 074 000	Teagmhálaí	C
		D
13 06 074 016	Ainm	A
		D
13 06 074 075	Uimhir theileafóin	A
		D
13 06 074 076	Seoladh ríomhphoist	A
		D
14 08 000 000	An méid a sonrascadh maidir leis an mír	A
		SI
16 03 000 000	Tír cinn scríbe	A
		GS
16 04 000 000	Réigiún cinn scríbe	A
		GS
16 08 000 000	Tír thionscnaimh	A [20]
		SI

16 15 000 000	Suíomh na n-earraí	A [68]
		GS
16 15 045 000	An cineál suímh	A
		GS
16 15 046 000	Cáilitheoir aitheantais	A
		GS
16 15 036 000	NA/LOCODE	A
		GS
16 15 047 000	Oifig custaim	A
		GS
16 15 047 001	Uimhir thagartha	A
		GS
16 15 048 000	GNSS	A
		GS
16 15 048 049	Domhanleithead	A
		GS
16 15 048 050	Domhanfhad	A
		GS
16 15 051 000	Oibreoir eacnamaíoch	A
		GS
16 15 051 017	Uimhir aitheantais	A
		GS
16 15 052 000	Uimhir an údaraithe	A
		GS
16 15 053 000	Aitheantóir breise	A
		GS
16 15 018 000	Seoladh	A
		GS
16 15 018 019	Sráid agus uimhir	A
		GS
16 15 018 021	Cód poist	A
		GS

16 15 018 022	Cathair	A
		GS
16 15 018 020	Tír	A
		GS
18 02 000 000	Aonaid fhorlíontacha	A
		SI
18 04 000 000	Ollmhais	A
		GS SI
18 05 000 000	Tuairisc ar na hearraí	A
		SI
18 06 000 000	Pacáistiú	A
		SI
18 06 004 000	An líon pacáistí	A [57]
		SI
18 09 000 000	Cód an tráchtearra	A
		SI
18 09 056 000	Cód fo-cheannteidil an Chórais Chomhchuibhithe	[87]
		SI
18 09 057 000	Cód ainmníochta comhcheangailte	A[87] [88]
		SI’

(c) i gCaibidil 3, Roinn 12, i gcolún I2 i ró 11 09 000 000 cuirtear ‘[86]’ isteach faoi bhun [1];

(d) i gCaibidil 3, Roinn 12, i gcolún I2 i ró 12 01 003 000 cuirtear ‘[86]’ isteach faoi bhun A;

(e) i gCaibidil 3, Roinn 12, i gcolún I2 i ró 12 01 004 000 cuirtear ‘[86]’ isteach faoi bhun A;

(f) i gCaibidil 3, Roinn 12, i gcolún I2 i ró 12 01 005 000 cuirtear ‘[86]’ isteach faoi bhun A;

(g) i gCaibidil 3, Roinn 12, i gcolún I2 i ró 12 01 006 000 cuirtear ‘[86]’ isteach faoi bhun A;

(h) i gCaibidil 3, Roinn 12, i gcolún I2 i ró 12 01 007 000 cuirtear ‘[86]’ isteach faoi bhun A;

(i) i gCaibidil 3, Roinn 12, i gcolún I2 i ró 18 06 003 000 cuirtear ‘[86]’ isteach faoi bhun [25];

(j) i gCaibidil 3, Roinn 12, i gcolún I2 i ró 19 07 000 000 cuirtear ‘[86]’ isteach faoi bhun [62];

(k) i gCaibidil 3, Roinn 13, cuirtear an méid seo a leanas isteach i ndiaidh [73]:

[74]	*gan sainiú*
[75]	*gan sainiú*
[76]	*gan sainiú*
[77]	*gan sainiú*
[78]	*gan sainiú*
[79]	*gan sainiú*
[80]	*gan sainiú*
[81]	*gan sainiú*
[82]	*gan sainiú*
[83]	*gan sainiú*
[84]	*gan sainiú*
[85]	*gan sainiú*
[86]	Ní sholáthrófar an fhaisnéis sin i gcás ina mbaineann sí le dearbhú custaim maidir le hearraí a thugtar isteach i dTuaisceart Éireann ó chuid eile den Ríocht Aontaithe trí iompar díreach lena scaoileadh i saorchúrsaíocht agus a meastar nach bhfuil baol ann go n-aistreofar isteach san Aontas ina dhiaidh sin iad de réir bhrí Airteagal 5(1) agus (2) den Phrótacal (colún H8).
[87]	Féadfaidh údarás custaim na Ríochta Aontaithe an ceanglas sin a tharscaoileadh i gcás inar deimhin leo go bhfuil a gcórais ríomhaireachta in ann an fhaisnéis sin a dhíorthú gan débhríocht ó ghnéithe eile den dearbhú, amhail uimhir aitheantais trádálaí iontaofa (colún H8).
[88]	Ní cheanglófar an eilimint sonraí seo ach amháin i ndáil le hearraí dá dtagraítear mar 'earraí chatagóir 2' in Iarscríbhinn IV a ghabhann le Cinneadh Uimh. 1/2023 (colún H8).

(l) i dTeideal II, sna nótaí a ghabhann le heilimint sonraí 11 03 000 000 Uimhir míre earraí, déantar an téacs 'Colúin A1 go A3, B1 go B4, C1, D1, D2, E1, E2, H1 go H7 agus I1 sa tábla maidir le ceanglais sonraí:' a ionadú leis na focail 'Colúin A1 go A3, B1 go B4, C1, D1, D2, E1, E2, H1 go H8 agus I1 sa tábla maidir le ceanglais sonraí:';

(m) i dTeideal II, sna nótaí a ghabhann le haicme sonraí 12 01 000 000 An doiciméad roimhe seo, déantar an téacs 'Colúin A3, B1, C1, C2, D1 go D3, H1 go H6, I1 agus I2 sa tábla maidir le ceanglais sonraí:' a ionadú leis na focail 'Colúin A3, B1, C1, C2, D1 go D3, H1 go H6 agus H8, I1 agus I2 sa tábla maidir le ceanglais sonraí:';

(n) i dTeideal II, sna nótaí a ghabhann le fo-aicme sonraí 12 01 001 000 Uimhir thagartha, déantar an téacs 'Colúin H1 go H5, I1 agus I2 sa tábla maidir le ceanglais sonraí:' a ionadú leis na focail 'Colúin H1 go H5, H8, I1 agus I2 sa tábla maidir le ceanglais sonraí:';

(o) i dTeideal II, sna nótaí a ghabhann le fo-aicme sonraí 12 03 001 000 Uimhir thagartha, déantar an téacs 'Colúin B1 go B4, C1, H1 go H7 agus I1 sa tábla maidir le ceanglais sonraí:' a ionadú leis na focail 'Colúin B1 go B4, C1, H1 go H8 agus I1 sa tábla maidir le ceanglais sonraí:';

(p) i dTeideal II, sna nótaí a ghabhann le fo-aicme sonraí 12 05 001 000 Uimhir thagartha, déantar an téacs 'Colúin G2 go G5, H1 go H7, I1 agus I2 sa tábla maidir le ceanglais sonraí:' a ionadú leis na focail 'Colúin G2 go G5, H1 go H8, I1 agus I2 sa tábla maidir le ceanglais sonraí:';

(q) i dTeideal II, sna nótaí a ghabhann le haicme sonraí 13 01 000 000 Uimhir thagartha, déantar an téacs 'Colúin H1 go H3, H4 agus I1 sa tábla maidir le ceanglais sonraí:' a ionadú leis na focail 'Colúin H1, H3, H4, H8 agus I1 sa tábla maidir le ceanglais sonraí:';

(r) i dTeideal II, sna nótaí a ghabhann le heilimint sonraí 13 01 017 000 Uimhir aitheantais, déantar an téacs 'Colúin H1, H3 agus H4 sa tábla maidir le ceanglais sonraí:' a ionadú leis na focail 'Colúin H1, H3, H4, agus H8 sa tábla maidir le ceanglais sonraí:';

(s) i dTeideal II, sna nótaí a ghabhann le heilimint sonraí 16 03 000 000 Tír thionscnaimh, déantar an téacs 'Colúin H1, H2 agus H5 sa tábla maidir le ceanglais sonraí:' a ionadú leis na focail 'Colúin H1, H2, H5, agus H8 sa tábla maidir le ceanglais sonraí:';

(t) i dTeideal II, sna nótaí a ghabhann le heilimint sonraí 18 04 000 000 Ollmhais, déantar an téacs 'Colúin B1 go B4, C1, H1 go H6, I1 agus I2 sa tábla maidir le ceanglais sonraí:' a ionadú leis na focail 'Colúin B1 go B4, C1, H1 go H6, H8, I1 agus I2 sa tábla maidir le ceanglais sonraí:' agus déantar an téacs 'Colúin B1 go B4, C1, D1 go D3, H1 go H7, I1 agus I2 sa tábla maidir le ceanglais sonraí:' a ionadú leis na focail 'Colúin B1 go B4, C1, D1 go D3, H1 go H8, I1 agus I2 sa tábla maidir le ceanglais sonraí:';

(u) i dTeideal II, sna nótaí a ghabhann le heilimint sonraí 18 05 000 000 Tuairisc ar na hearraí, déantar an téacs 'Colúin B1, B2, H1 go H5 agus I1 sa tábla maidir le ceanglais sonraí:' a ionadú leis na focail 'Colúin B1, B2, H1 go H5, H8 agus I1 sa tábla maidir le ceanglais sonraí:';

(v) i dTeideal II, sna nótaí a ghabhann le heilimint sonraí 18 09 000 000 Cód an tráchtearra, déantar an téacs 'Colúin B1 go B4, C1, H1 go H7 agus I1 sa tábla maidir le ceanglais sonraí:' a ionadú leis na focail 'Colúin B1 go B4, C1, H1 go H8 agus I1 sa tábla maidir le ceanglais sonraí:"

IARSCRÍBHINN II

"IARSCRÍBHINN 52–02

Faisnéis atá le soláthar ag an iompróir i gcomhréir le hAirteagal 141(1)(d)(vi)

(1) Ainm an iompróra

(2) Ainm agus seoladh an Choinsíneora i gcuid den Ríocht Aontaithe seachas Tuaisceart Éireann

(3) Ainm agus seoladh an Choinsíní i dTuaisceart Éireann

(4) Áit seachadta i dTuaisceart Éireann i gcás nach ionann é agus seoladh an choinsíní

(5) Tuairisc ar na hearraí i dteanga shoiléir ar leibhéal na coinsíneachta

(6) An líon pacáistí/an líon píosaí sa lastas

(7) Ollmheáchan

(8) Luach (más eol é)

(9) An dáta seachadta"

IARSCRÍBHINN III

"IARSCRÍBHINN 52–03

Eilimintí sonraí atá le soláthar ag an iompróir i gcomhréir leis an gcéad fhomhír in Airteagal 141(1)(d)(vii) agus (viii)

Ainm eiliminte sonraí	Tuairisc
(1) Uimhir míre earraí	Uimhir na míre atá i ngach beartán atá cumhdaithe leis an dearbhú, i gcás ina bhfuil níos mó ná mír amháin earraí ann
(2) Doiciméid tacaíochta	Más infheidhme, tagairt d'aon doiciméad a sholáthraítear aird mar thaca leis an dearbhú
(3) Doiciméad iompair	Má tá sí ar fáil, uimhir thagartha an doiciméid iompair
(4) Uimhir thagartha áitiúil (LRN)	Uimhir thagartha rianaithe beartáin
(5) Údarú	Tagairt don údarú a eisíodh i gcomhréir le hAirteagail 12 de Chinneadh Uimh. 1/2023 ón gComhchoiste a bunaíodh leis an gComhaontú maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach
(6) Onnmhaireoir	I gcomhthéacs Airteagal 141(1)(d)(vii), is é seo ainm agus seoladh an oibreora eacnamaíoch atá bunaithe sa Ríocht Aontaithe agus a sheolann an beartán chuig an duine príobháideach a chónaíonn i dTuaisceart Éireann. I gcomhthéacs Airteagal 141(1)(d)(viii), is é ainm agus seoladh an duine príobháidigh i gcuid den Ríocht Aontaithe seachas Tuaisceart Éireann a chuireann an beartán ar ais chuig oibreoir eacnamaíoch i dTuaisceart Éireann.
(7) Allmhaireoir	I gcomhthéacs Airteagal 141(1)(d)(viii), is é seo ainm agus seoladh an duine príobháidigh (an tomhaltóir deiridh) a chónaíonn i dTuaisceart Éireann agus a gcuirtear an beartán chuige. I gcomhthéacs Airteagal 141(1)(d)(viii), is é ainm agus seoladh an oibreora i dTuaisceart Éireann a gcuirtear an beartán ar ais chuige
(8) Dearbhóir	An duine a dhéanann an dearbhú nó a ndéantar an dearbhú thar a cheann
(9) Ionadaí	Le soláthar nuair nach ionann é agus an dearbhóir
(10) An méid iomlán a sonrascadh	Luach iomlán na n-earraí a áirítear sa bheartán
(11) Réigiún Cinn Scríbe	Mar réamhshocrú, is é Tuaisceart Éireann a bheidh ina réigiún cinn scríbe
(12) Áit seachadta	An áit a ndéantar an beartán a sheachadadh iarbhír de réir mar is eol tráth tíolactha na sonraí. Le soláthar, i gcás nach ionann é agus seoladh an allmhaireora
(13) Ollmhais	Meáchan iomlán an bheartáin
(14) Tuairisc ar na hearraí	Tuairisc i dteanga shoiléir atá cruinn go leor le gur féidir leis na húdaráis chustaim na hearraí a shainaithint
(15) Cód fo-cheannteidil an Chórais Chomhchuibhithe	Cód tráchtearra 6 dhigit
(16) Táscaire earraí arna dtabhairt ar ais	Táscaire lena léirítear go bhfuil na hearraí sa bheartán incháilithe mar earraí arna dtabhairt ar ais i gcomhréir le hAirteagal 138(m)"